Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9586/22

LIMITE

UK 92
IXIM 146
JAI 765

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0103(NLE)**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 158 final |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an gcinntiúchán faoi Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, faoin dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe<br>- Glacadh |

1. An 6 Aibreán 2022, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i leith Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann i ndáil leis an gcinntiúchán faoi Airteagal 540(2) den Chomhaontú Trádála agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, den pháirt eile, faoin dáta óna bhféadfaidh na Ballstáit sonraí pearsanta dá dtagraítear in Airteagail 530, 531, 534 agus 536 den Chomhaontú sin a sholáthar don Ríocht Aontaithe, mar a leagtar amach in 7992/22 + ADD 1 é.

2. An 8 Aibreán 2022 agus an 20 agus an 24 Bealtaine 2022, scrúdaigh an Mheitheal um an Ríocht Aontaithe an togra thuasluaite agus thángthas ar chomhaontú maidir leis an téacs mar a leagtar amach in 9104/22 + ADD 1 é. Comhaontaíodh an téacs a leasú chun é a ailíniú le Cinneadh (AE) 2021/1729 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2021[1] agus chun é a chur i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas.

3. I bhfianaise an mhéid sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh thuasluaite ón gComhairle, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 9539/22 + ADD 1 é;
- a mholadh go nglacfadh an Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle mar a leagtar amach in 9539/22 + ADD 1 é.

4. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.

PUBLIC

---

[1] IO L 345, 30.9.2021, lch. 36.